Rug cosnamh ar chrích Midhe
[RIA 744 (A/v/2) ‘Dillon Duanaire’, 30a]
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Rug cosnamh ar chrích Midhe
gíodh cían í fá ainbhfine
críoch sgathghlas Dhá Thí threasaigh
sgarfas í ré a bilgheasaibh.

2 ’Ná tráth táinic an chabhair
tar muir n-atmhuir n-árdchladhaigh
an bosghlan dá ttráigh thuile
do chosnamh chláir Chonuire.

3 Coiseónaidh an chríoch chearnach
triath Gailinne is Goisdealbhach
bas bheartamhra na ngníomh ngrod
ar shniomh neartchalma [námhad?].

4 Tríath Cuircneach nach crúaidh cridhe
coiseónaidh gort geilMhidhe
an balbhúadh as bleacht oineach
is ceart daghshlúagh Díolmaineach.

5 Tug leis a-le a Lunnuinn$^{s}$
ceart ar a thír thórunnuill
tríath go mbrígh áigh is anma
fá láimh rígh gan fhreasabhra.

6 Iomdha fáilte a ccrích Chonnacht
ré tríath na n-arm n-iodhonnocht
’s ag ríoghruidh imil fhóid Bhreagh
’s a n-innibh na ccóig ccóigeadh.

7 A-táid clíara chláir Chonnla
’s oirigh gacha healadhna
lán d’fhorbfháoilte ré a fholt tiogh
a ngort gormbhráointe Gaoidheal.

8 As mar sin tíre is tonna
’s gach ní eile eattorra
foirm néull is trágh fá thoradh
is glár éun dá fhíadhoghadh

9 A thoigheacht slán tar sáile
dhúinne as damhna lúthgháire
cráobh thromfháisghle fá ttil toil
ar dTomais-ne dil Díolmhain.

10 Ré tríath na mbruighean mbáinte
cuirim fiche fíorfháilte
cridhe nathardha ag sníomh sleagh
do dhíon athardha a aithreadh.

11 As mé ollamh a aicme [30b]
láoich bú truime tíodhlaicthe
íad sin bú robhádhach roinn
fir dob anárach oruinn.

12 Úa úirThiobóid ’s an íarla
árdfhlaith dénta deighríaghla

ar ndín-ne ar ccédghrádh ar cconn
an dédbhán sídhe súlchorr.

13 A ccoillín Fachtna fearrda
do-chífiom thrá ar ttighearna
do dheóin Dhé día ’na thosach
mar a mbía mé macnusach.

14 Dá roisiom don mhúr mheadhrach
bíam go suilbhir soimheanmnach
agum tháin armrúaidh oireach
a ndáil daghshlúaigh Díolmhaineach.

15 Forghla éigios fhuinn Fhuinidh
do-ghéubh róm san ríoghbhruighin
’s fear an tighe fá dhíol dhóibh
’s fíon dá ibhe go híarnóin.

16 Bú mór ttríath dá gach talmhain
san chúirt chruithghil chláramlaigh
cinn shlúaigh is íarluidhe ar n-eang
fa stúaigh ríanmhuidhe Ráoileann.

17 Bú hiomdha bhós san bhaile
láoch a n-earradh iorghaile
’s lucht dioghla um cheann gach coire
is ríoghna eang n-órroidhe.

18 Bú hiomdha réidhshleadh rúadhonn
siolgháir chrot is cháomhbhúabhall
fán bhfinn míonchlachuidh nár mheath
a bpríomhchathair chinn Chuircneach.

19 Bú hiomdha ré hucht nóna
lucht sgagtha cheasd ccanónda
a síodhbhrugh na séud seanta
’s tréud d’fhíorbhun na húaisleachta.

20 Is géill a ngeimhlibh gorma
ag teacht go flaith fiondChnódhbha
a ngioll ré ceart a chinidh
dar liom ní heacht aindlighidh.

21 Bú hiomdha fós dá bhráithribh
uime ’na chúirt chneasbhláithghil
orradh lé tóir do thromghoin
ag bronnadh óir d’ollamhnaibh.

22 Dúinn a n-ionadh a athar
Rí an bheatha dhá bhúanachadh
iona oighreacht ’gá mbíodh bárr
dár ndíon ar fhoirneart n-eachtrann.

23 Íar ttocht chugainn dár ccosnamh
go clár Uisnigh arosghlan
fán ccrích n-ealaigh na sál seang
ar slan fá fhearaibh Éireann.

24 Mar sin táinic eacht oile
Séusar na n-arm n-iubhloidhe
don Róimh dá cosnamh ar chách
tóir lér cosnadh a conách.

25 Tug cath tar ceann na Rómha
lé Poimp na reann róchródha
beart dár shín soin tar sáile
soir go tír na Teasáille.

26 Poimp don Teasáill go tuirmheach [31a]
leanaidh Séusar slúaghbhuidhneach
air do mháoidh flath na foghla
’s do shráoin an Cath Cathordha.

27 Lé Séusar na sleagh n-arsaigh
torchuir Poimp san phríomhchath-soin
lé a ghníomh éidigh ar fhud áigh
tug a héigin an Eattáil

28 Tug Séusar as sin a-mach
cosnamh ar Róimh na ríoghchlach
tríath dob inghill feadh foghla
ar inghrim fher n-allmhordha.

29 Coiseónaidh Séusar slúaigh Breagh
mar sin sealbha na sinnsior
beithir lonn chleathghlan chalma
do neamhthoil dhrong ndanardha.

30 Uíocont Goistealbhach gnúis shéimh
cíodh acht aithShéusar eiséin
lé díon a thíre ar thoghail
an ghríobh shídhe sheabhcomhuil.

31 Ionann chosnas ar cceann slúaigh
fúinn áoibhne átha seanLúai(th)[n]
’s na tolcha um Mhagh nEódh n-ealtach
ar ghleódh na ngal ngúaisbertach.

32 Bú lán gach dún do dheaghrath
ó tháinig tríath Goistealbhach
a ccrích Chodhuil cháoilshleagh ccáidh
ní homhuin d’áoinfhear éagcáir. Rug...

33 Baintríath Ghoistealbhach gnúis náir
díol fáilte an bhannfhlaith [....]
ar ttoigheacht go clár Cuircneach
tar roineart sál sruthfhuilteach.

34 Banchara bocht is brughadh
óirchisde an áois ealadhna
máoiteach a clú ar gach conair
do chrú fáoiteach bflathamhuil.

35 Iomda cuire ag cur fáilte
ré a dreich lonnruigh líobháinte
do shlúagh cuirmthe chráoi Midhe
lé gnáoi uirthe d’áiridhe.

36 Ordhruic a meas eidir mhnáibh
inghill a húaisle a hanáir
rug an tsheang as séimh snidhe
geall ar cheill ’s ar chráibhthighe.